



PREASEISIÚINT Uimh. 37/25

Lucsamburg, 21 Marta 2025

Staitisticí breithiúnacha 2024: méadú suntasach ar chásanna os comhair na Cúirte Breithiúnais agus ar chásanna ar chuir an Institiúid ina hiomláine clabhsúr orthu araon

Agus clabhsúr curtha ar 922 chás le linn na bliana, chuir an Chúirt Ghinearálta feabhas ar a cúrsaí le bliain anuas agus tá sí i bhfad níos airde ná an meán le blianta beaga anuas. Chomh maith leis sin, tá laghdú suntasach ar stoc na gcásanna atá ar feitheamh

An Chúirt Bhreithiúnais

- Is féidir an bhliain seo a chuaigh thart a aicmiú mar **bhliain neamhghnách**, maidir le líon na gcásanna a tugadh os comhair na Cúirte Breithiúnais agus líon na gcásanna ar chuir an Institiúid ina hiomláine clabhsúr orthu.
- In 2024, tugadh 920 cás os comhair na Cúirte Breithiúnais, méadú 12 %; chuir an Chúirt críoch le 863 chás, méadú 10 % agus beagnach an líon céanna cásanna ar cuireadh clabhsúr orthu in 2019.
- Cuireann figiúirí 2024 na buaiceanna stairiúla a tharla in 2019 i gcuimhne dúinn** agus tugann siad brí iomlán don **athchóiriú reachtach** a tháinig i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2024 agus a d'fhág gur roinn an Chúirt a dlínse réamhrialuithe a thabhairt le Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, a bhfuil dlínse eisiach aici anois ceisteanna a tharchuir cúirteanna Bhallstáit an Aontais Eorpaigh a fhreagairt in ábhair shonracha áirithe ¹. Taisceadh 19 dtarchur chun réamhrialú sa trí mhí deiridh de 2024 ó 12 Bhallstát éagsúla a cuireadh ar aghaidh chuig an gCúirt Ghinearálta.

An Chúirt Ghinearálta


- Agus clabhsúr curtha ar 922 chás in 2024, tá ag éirí níos fearr fós leis an gCúirt Ghinearálta ná mar a bhí anuraidh**, agus i bhfad níos fearr ná an meán le blianta beaga anuas.
- D'éirigh leis an gCúirt Ghinearálta freisin **stoc na gcásanna ar feitheamh a laghdú** go sonrach; tá 1 302 chás ar feitheamh, an figiúr is ísle ó bhí 2015 ann.

Tugadh 1 706 chás os comhair an dá chúirt in 2024. Tá sé sin inchomparáide leis na blianta roimhe sin (1 689 in 2023 ²; 1 710 in 2022; 1 720 in 2021).

Maidir leis an líon cásanna ar déileáladh leo, dhún an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta 1 785 chás san iomlán in 2024, figiúr eisceachtúil i gcomparáid leis na blianta roimhe sin (1 687 gcás in 2023; 1 666 in 2022; 1 723 in 2021).

Tá an líon cásanna atá ar feitheamh os comhair an dá chúirt, 2 508 ³, laghdaithe ón mbliain roimhe sin (2 587 in 2023) agus tá sé faoi bhun an leibhéil a bhí ann sna blianta 2020 go 2022.

Éabhlóid ghinearálta ghníomhaíocht bhreithiúnach na hInstitiúide ó 2020 go 2024



Forléargas ginearálta	2020	2021	2022	2023	2024
Cásanna a tugadh	1 584	1 720	1 710	1 689	1 706
Cásanna dúnta	1 540	1 723	1 666	1 687	1 785
Cásanna ar feitheamh	2 544	2 541	2 585	2 587	2 508

An Chúirt Bhreithiúnais

In 2024, ba é **920 líon na gcásanna** a tugadh os comhair na Cúirte Breithiúnais. Ní hé sin an líon is airde riamh — 5 bliana roimhe sin, bhí an figiúr is airde ann, le 966 chás nua in 2019 — ach is **méadú 12 %** é fós i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (821 chás nua in 2023).

Freagraíonn ábhar na gcásanna a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais le bliain anuas, ar an iomlán, d'ábhar na mblianta roimhe sin. Mar a tharla roimhe seo, in 2024 tháinig go leor cásanna maidir le **cosaint tomhaltóirí agus comhshaoil, beartas sóisialta agus iompar, agus iomaíocht agus státhabhair**. Baineann líon ard cásanna leis an **mbeartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta, chomh maith le bearta sriantacha a glacadh i gcomhthéacs an chogaidh san Úcráin**, chomh maith leis an **limistéar saoirse, slándála agus ceartais**. Tugadh suas le 123 chás, lena n-áirítear 117 n-iarraidh ar réamhrialú, os comhair na Cúirte Breithiúnais sa réimse deiridh sin in 2024, 40 chás níos mó ná an bhliain roimhe sin.

Chuir an Chúirt **clabhsúr ar 863 chás**, beagnach an líon céanna a bhí ann cúig bliana roimhe sin (865). Léiríonn an toradh sin, arb ionann é agus méadú 10 % i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin inar dúnadh 783 chás, iarrachtaí leanúnacha na cúirte déileáil lena hualach oibre.


Tá **méadú tagtha ar an meán-am a thógann sé déileáil le hiarrataí ar réamhrialú** ó 16.8 mí in 2023 go **17.2 mí** in 2024, agus tá **méadú tagtha ar an meán-am a thógann sé chun déileáil le gníomhaíochtaí díreacha le linn na tréimhse céanna ó 20.8 mí go 21.5 mí**. Mhéadaigh an meán-am a thógann sé déileáil le cásanna faoin nós imeachta práinne um réamhrialú ó 4.3 in 2023 go 3.3 mí in 2024.

Maidir le miondealú na gcinntí a tugadh ag foirmíochtaí éagsúla na Cúirte, tá **méadú mór tagtha ar líon na gcinntí a thug an Mór-Dhlísheomra**. In 2024, chuir an fhoirmíocht sin clabhsúr ar 74 chás, i gcomparáid le 36 chás sa bhliain roimhe sin.

Cé go raibh líon na gcásanna ar chuir an Chúirt Bhreithiúnais clabhsúr orthu in 2024 thar a bheith ard, tá sé fós níos ísle ná líon na gcásanna a tugadh, rud a d'fhág gur tháinig **méadú ar líon na gcásanna atá ar feitheamh go 1 206** an 31 Nollaig 2024. Is é seo an líon is airde riamh i mblianta na Cúirte Breithiúnais. Cé go léiríonn sé an mhuinín atá ag saoránaigh agus cúirteanna Bhallstáit an Aontais sa Chúirt Bhreithiúnais as ceisteanna maidir le léiriú dhlí an Aontais a réiteach, leagtar béim ann freisin ar a thábhachtaí atá an t-athchóiriú reachtach a tháinig i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2024, arb é is aidhm dó an t-ualach oibre idir an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta a athchothromú trí chuid de dhlínse réamhrialaithe na Cúirte Breithiúnais a aistriú chuig an gCúirt Ghinearálta.


Mar a dúirt Koen Lenaerts, Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, *'I gcomhthéacs casta domhanda, bhí Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in ann a cúrsa a choinneáil, faoi threoir chúram an cheartais agus an smachta reachta a thugtar di leis na Conarthaí. Lean sí dá cuid oibre ó lá go lá chun bunluachanna an Aontais Eorpaigh a chosaint agus chun cuidiú le dlíchóras is coiteann do na Ballstáit a thógáil. Tá garspriocanna riachtanacha breise leagtha amach ag an gCúirt freisin maidir lena feidhmiú sna blianta amach romhainn.'*

Gníomhaíocht ghinearálta na Cúirte Breithiúnais: cásanna a tugadh, a dúnadh, ar feitheamh (2020-2024)



Tá an anailís ar thionscnamh geografach na n-iarrataí ar réamhrialú a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais in 2024 an-fhaisnéiseach. Cé gur tháinig laghdú mór ar líon na dtarchur a rinne cúirteanna **na hIodáile** in 2023, tháinig méadú suntasach ar a líon in 2024, agus seoladh beagnach céad iarraidh ar réamhrialú chuig an gCúirt Bhreithiúnais in 2024 (98, i gcomparáid le 43 in 2023), an líon is airde a fuarthas in aon bhliain amháin ón Stát sin. Os a choinne sin, lean líon na dtarchur a rinne cúirteanna **na Gearmáine** a mhalairt de threocht, agus le 66 iarraidh, an líon ab ísle le 15 bliana anuas — 94 in 2023 agus 140 trí bliana roimhe sin fós (2020) — agus d’fhan líon na dtarchur a rinne cúirteanna **na Polainne** mar an gcéanna, agus rinne na cúirteanna sin 47 n-iarraidh chuig an gCúirt Bhreithiúnais in 2024 (i gcomparáid le 48 n-iarraidh an bhliain roimhe sin). Tagann cúirteanna **na hOstaire (39)**, **na Bulgáire (38)** agus **na Beilge (36)** ina ndiaidh.

Tarchur chun réamhrialú chuig an gCúirt Bhreithiúnais ó chúirteanna na mBallstát (2024)



BE	BG	CZ	DK	DE	EE	IE	EL	ES	GA	HR	IT	CY	LV	LT	LU	HU	MT	NL	AT	PL	PT	RO	SI	SK	FI	SE	Iomlán
36	38	14	1	66	4	16	5	30	25	7	98	1	10	10	12	21	0	19	39	47	16	28	4	9	4	13	573

An Chúirt Ghinearálta

Tugadh **786 chás** os comhair na Cúirte Ginearálta in 2024.

Maidir le dlíthíocht **dlí maoine intleachtúla**, tá laghdú beag ar líon na gcásanna a tugadh (268 gcás i gcomparáid le 309 gcás in 2023), agus chuir Boird Achomhairc Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) clabhsúr ar níos mó imeachtaí i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. D'fhéadfadh an treocht anuas sa dlíthíocht sin os comhair na Cúirte Ginearálta leanúint ar aghaidh, ós rud é go bhfuil laghdú tagtha ar na caingne a thugtar os comhair Bhoird Achomhairc EUIPO (6 %) agus go bhfuil úsáid sásraí malartacha um réiteach díospóidí roimh EUIPO mollta.

Tá laghdú mór ag teacht ar chásanna **beartais eacnamaíoch agus airgeadaíochta**, lena n-áirítear an dlí baincéireachta, go háirithe maidir le hachomhairc i gcoinne an Bhoird Réitigh Aonair (BRA) ⁴.

Sa dlíthíocht a bhaineann le **rialáil margaí agus seirbhísí digiteacha**, tugadh isteach sé chás a bhaineann le Rialachán (AE) 2022/2065 maidir leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA), a bhaineann le cáiliú 'ardán an-mhór ar líne' nó méid na táille maoirseachta, agus dhá chás a bhaineann le Rialachán (AE) 2022/1925 maidir leis an nGníomh um Margaí Digiteacha (DMA), a bhaineann le cinntí ainmniúcháin mar 'gheatóir'. **Ag an gcéim seo, níl aon chás faighte ag an gCúirt Ghinearálta go fóill a bhaineann le cur chun feidhme na n-oibleagáidí substainteacha a fhorchuireann an Coimisiún ar na gníomhaithe eacnamaíocha sin, rud a d'fhéadfadh cur le dlíthíocht sna blianta amach romhainn.**

Tá an dlíthíocht maidir le **bearta sriantacha** fós mar an gcéanna i gcomparáid le 2023 (63 chás). Bhain an chuid ba mhó de na cásanna nua sa réimse sin (4 cás as 63) le sraith de bearta sriantacha arna nglacadh ag an Aontas Eorpach in 2022 maidir le daoine nádúrtha agus eintitis i gcomhthéacs an chogaidh san **Úcráin**.


Maidir leis na réimsí traidisiúnta dlíthíochta a thugtar os comhair na Cúirte Ginearálta, tá **an tseirbhís shibhialta** fós mar an gcéanna (78 gcás i gcomparáid le 82 chás in 2023). I réimse na **státchabhrach**, íslíonn sé go 23 chás, i gcomparáid le 10 in 2023, ach sin fós i bhfad faoi bhun na leibhéal stairiúil. Ar deireadh, amhail in 2022 agus 2023, bhí líon na gcásanna **iomaiochta** fós íseal, agus 10 gcás nua ann in 2024.

Agus **clabhsúr curtha ar 922 chás** in 2024, tá ag éirí níos fearr fós leis an gCúirt Ghinearálta ná mar a bhí anuraidh, agus i bhfad níos fearr ná an meán le blianta beaga anuas. D'éirigh leis an gCúirt Ghinearálta freisin **stoc na gcásanna atá ar feitheamh a laghdú** go suntasach, de bharr gur cuireadh clabhsúr ar 136 chás níos mó ná mar a bhí cásanna nua, an 31 Nollaig 2024 bhí 1 302 chás ar feitheamh (má ríomhtar an tsraith 404 chás a tugadh in 2023 atá beagnach comhionann mar aon chás amháin, ba ionann an figiúr sin agus 1 705). Is é seo an figiúr is ísle ó 2015.

D'fhan meánfhad na n-imeachtaí beagnach mar an gcéanna, le méadú an-bheag. B'ionann é agus **18.5** mí in 2024 i gcásanna a dúnadh le breithiúnas nó le hordú (i gcomparáid le 18.2 in 2023) agus **22.1** (i gcomparáid le 21 in 2023), agus gan ach cásanna a dúnadh le breithiúnas á gcur san áireamh. Maidir leis an gcatagóir deiridh sin, athraíonn meánfhad na n-imeachtaí idir 42.6 mí i gcásanna dhlí na hiomaíochta (37.2 mí i gcásanna Státchabhrach) agus 13.5 mí i gcásanna maoine intleachtúla. Chuir dúnadh roinnt cásanna casta agus níos sine nó grúpaí cásanna, go háirithe i réimsí na Státchabhrach, na hiomaíochta nó an dlí baincéireachta, le méadú ar mheánfhad na n-imeachtaí sna hábhair sin. Meastar go dtiocfaidh laghdú ar an bhfeiniméan sin agus meastar, dá bhrí sin, go dtiocfaidh laghdú ar mheánfhad na n-imeachtaí sna blianta amach romhainn.

Mar a luaigh Marc van der Woude, Uachtarán na Cúirte Ginearálta, 'Ós rud é go bhfuil dlínse nua aici réamhrialuithe agus freagrachtaí nua a thabhairt tar éis síneadh a chur leis an sásra chun a chinneadh ar cheart ligean d'achomhairc dul ar aghaidh, chuir an Chúirt Ghinearálta na huirlisí uile is gá ar fáil di féin chun déileáil go héifeachtach agus go réamhghníomhach leis na cásanna a thugtar os a comhair, agus í ag ullmhú don chéad tréimhse trí bliana eile dar tús mí Dheireadh Fómhair 2025.'

Gníomhaíocht ghinearálta na Cúirte Breithiúnais: cásanna a tugadh, a dúnadh, ar feitheamh (2020-2024)



Forléargas ginearálta	2020	2021	2022	2023	2024
Cásanna a tugadh	847	882	904	868	786
Cásanna dúnta	748	951	858	904	922
Cásanna ar feitheamh	1 497	1 428	1 474	1 438	1 302

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ Is iad seo a leanas na 6 ábhar: (i) an comhchóras cánach breisluacha (CBL), (ii) dleachtanna máil (iii) an Cód Custaim, (iv) rangú earraí de réir taraife faoin Ainmníocht Chomhcheangailte, (v) cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás moille, cealú seirbhísí iompair nó diúltú bordála, agus (vi) am córas um lámháiltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil.

² Ríomhtar sraith 404 chás a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Ginearálta i Mí Dheireadh Fómhair 2023, a bhí comhionann go substaintiúil, mar aon chás amháin. Bhain na cásanna sin (T-620/23 go T-1023/23) le leaú ar an scéim pinsin dheonach bhreise d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa.

³ Ibidem.

⁴ Míntear sin de bharr gur stop an Bord Réitigh Aonair, ó 2024 i leith, rannaíochtaí *ex ante* a ghearradh ar institiúidí faoi réir an Chiste Réitigh Aonair, arb ionann iad agus príomhfhoinsí na ndíospóidí. Leis na 14 chaingean a taisceadh in 2024, lorgaíodh go nglacfaí cinneadh nua maidir le rannaíochtaí *ex ante* leis an gCiste Réitigh Aonair le haghaidh 2021 agus tá na cásanna sin cosúil le 48 gcás a bhaineann le rannaíochtaíochtaí le haghaidh 2023.